# ELeathanach 417

Dé Luain, an 4 Deireadh Fómhair 2022


## Oíche Chultúir 2020

Dé hAoine, an 23 Meán Fómhair, bhí Oíche Chultúir ar siúl ar fud na tíre. Seo an seachtú bliain déag den ócáid seo agus gach bliain bíonn ócáidí ar siúl ar fud na tíre do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.

Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach as an oíche speisialta seo. Ba é Oíche Dár Saol téama na bliana. Chun Oíche Chultúir agus comóradh 70 bliain na Comhairle Ealaíon a cheiliúradh bhí 4,500 leabhar á scaipeadh ar bhusanna agus ar thraenacha na tíre.

I measc na leabhar, bhí *Beag Bídeach* le Sadhbh Devlin. Is leabhar é seo atá dírithe ar pháistí 3-7 mbliana. Is scéal é faoi Nina atá ag iarraidh a bheith beag bídeach chun a bheith ina cónaí ina teach bábóige!

Bhí na leabhair á scaipeadh chun grá don léitheoireacht a chur chun cinn.





## Cé mhéad seangán ar Domhan?

Is feithid é an seangán agus tá siad gaolta leis na beacha agus leis na foichí.

Tá ról an-tábhachtach ag an seangán sa ghairdín. Bogann siad tríd an gcré, agus mar sin, cuireann siad aer ann. Cabhraíonn sé seo le fás na bplandaí.

Rinne taighdeoirí staidéar chun líon na seangán ar an bpláinéad a mheas. Is cosúil go bhfuil ar a laghad 20 cuaidrilliún seangán ar Domhan. Ciallaíonn seo go bhfuil ar a laghad 20, 000, 000, 000, 000, 000 acu ann!




seangán | beach | foiche

## Craobhchomórtas an Domhain sa Rámhaíocht

Bhí Craobhchomórtas an Domhain sa Rámhaíocht ar siúl i bPoblacht na Seice an tseachtain seo caite.

D'éirigh le ceithre bhád ó fhoireann na hÉireann áit a fháil sa bhabhta ceannais. Bhí an bua ag Paul O'Donovan agus Fintan McCarthy nuair a tháinig siad sa chéad áit. Bhuaigh Katie O'Brien bonn óir chomh maith.

Tháinig Sanita Puspure agus Zoe Hyde sa tríú háit sa bhabhta ceannais agus bhuaigh siad bonn cré-umha.

Is iontach an rud é gur éirigh go maith le foireann na hÉireann sa chomórtas seo.



Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta